2024/894

20.3.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/894 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Márta 2024

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a mhéid a bhaineann le tuairisciú tarluithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 72(5) agus Airteagal 62(15), pointe (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 139/2014 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin maidir le haeradróim, agus tugtar aghaidh, i measc nithe eile, ar ról na n-údarás náisiúnta inniúla a mhéid a bhaineann le formhaoirseacht agus deimhniú aeradróm, oibreoirí aeradróim agus soláthraithe seirbhísí bainistíochta naprúin.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leagtar síos oibleagáidí sonracha d'údaráis inniúla na mBallstát chun córais a bhunú i dtaca le tuairisciú, anailís agus bearta leantacha a dhéanamh maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta mar chuid dá gcóras bainistíochta. Is ann do na hoibleagáidí sin i gcomhthráth leis na ceanglais tuairiscithe a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014. Chun cur chun feidhme agus comhlíonadh aonfhoirmeach a áirithiú, ba cheart córais tuairiscithe tarluithe na n-údarás náisiúnta inniúil, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014, a ailíniú le prionsabail Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 maidir le tuairisciú, anailís agus bearta leantacha a dhéanamh maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 04/2023 ([4]) ón nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointí (b) agus (c) agus le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a leasú dá réir.

(5) Chun cur chun feidhme rianúil na mbearta arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo a áirithiú agus leibhéal ard aonfhoirmeach de shábháilteacht eitlíochta sibhialta san Aontas a choinneáil ag an am céanna, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt don tionscal agus d'údaráis inniúla na mBallstát oiriúnú do na bearta arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, agus mar sin ba cheart go mbeidh feidhm aige 12 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2014/139/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18.', ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/376/oj).

([4]) https://www.easa.europa.eu/en/document-library/opinions/opinion-no-042023.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagail 4 agus 5.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 20 Márta 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 (Cuid-ADR.AR) mar a leanas:

(1) i bpointe ADR.AR.A.025, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) Nuair a thagann an t-Údarás Inniúil ar an eolas faoi aon fhadhbanna suntasacha ann maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme, tabharfaidh sé fógra don Ghníomhaireacht gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de 30 lá ón tráth a tháinig an t-údarás inniúil ar an eolas faoi na fadhbanna suntasacha sin.

(b) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ná do na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme ar glacadh leo ar an mbonn sin, soláthróidh an t-Údarás Inniúil faisnéis don Ghníomhaireacht, faisnéis atá suntasach ó thaobh na sábháilteachta de agus a eascraíonn as na tuarascálacha ar tharluithe a stóráiltear sa bhunachar sonraí náisiúnta de bhun Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, agus déanfaidh sé an méid sin a luaithe is féidir.

_____

([1]) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18)';

(2) i bpointe ADR.AR.A.030, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

'(a) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ná dá ghníomhartha tarmligthe ná dá ghníomhartha cur chun feidhme, cuirfidh an t-Údarás Inniúil córas chun feidhme chun faisnéis sábháilteachta a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh ar bhealach iomchuí.

(b) Cuirfidh an Ghníomhaireacht córas chun feidhme chun anailís iomchuí a dhéanamh ar aon fhaisnéis a fhaightear atá ábhartha don tsábháilteacht, agus, gan moill mhíchuí, soláthróidh sí aon fhaisnéis is gá do na Ballstáit agus don Choimisiún, lena n-áirítear moltaí nó gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le déanamh, chun gur féidir leo freagairt go tráthúil ar aon fhadhb sábháilteachta a bhaineann le haeradróim, le hoibreoirí aeradróim agus le heagraíochtaí atá freagrach as seirbhísí AMS a sholáthar, faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.

(c) Tar éis don Údarás Inniúil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a fháil, déanfaidh sé bearta leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb shábháilteachta, lena n-áirítear treoracha sábháilteachta a eisiúint i gcomhréir le pointe ADR.AR.A.040.';

(3) leasaítear pointe ADR.AR.B.005 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(1):

'(1) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe chun tuairisc a thabhairt ar a eagrúchán, agus ar na meáin agus na modhanna chun comhlíontacht le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin a bhaint amach. Coimeádfar na nósanna imeachta cothrom le dáta agus úsáidfear iad mar bhundoiciméid oibre laistigh den Údarás Inniúil sin i gcás na gcúraimí gaolmhara uile;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Bunóidh an t-Údarás Inniúil nósanna imeachta le haghaidh na rannpháirtíochta i malartú frithpháirteach na faisnéise agus an chúnaimh uile is gá le húdaráis inniúla eile lena mbaineann, bíodh sé ó laistigh den Bhallstát nó i mBallstáit eile, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(1) na torthaí ábhartha a ardaíodh agus na gníomhaíochtaí leantacha a rinneadh mar thoradh ar fhormhaoirseacht ar eagraíochtaí atá freagrach as seirbhísí bainistíochta naprúin in aeradróim i gcríoch Ballstáit, ach a d'fhógair a ngníomhaíochtaí do níos mó ná údarás inniúil amháin nó i níos mó ná Ballstát amháin;

(2) faisnéis a eascraíonn as tuairisciú éigeantach agus tuairisciú deonach ar tharluithe mar a cheanglaítear le pointí ADR.OR.C.030 agus ADR.OR.F.055.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ADR.AR.B.015:

'**ADR.AR.B.015 Athruithe ar an gcóras bainistíochta**

(a) Beidh córas i bhfeidhm ag an Údarás Inniúil chun athruithe a shainaithint a dhéanann difear dá chumas a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh faoi mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1139 agus sna gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin. Cuirfidh an córas sin ar a chumas dó gníomhaíocht a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go leanfaidh a chóras bainistíochta de bheith leordhóthanach agus éifeachtach.

(b) Déanfaidh an t-Údarás Inniúil a chóras bainistíochta a thabhairt cothrom le dáta chun aon athrú ar Rialachán (AE) 2018/1139 agus ar na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin a léiriú, ar bhealach tráthúil, chun cur chun feidhme éifeachtach a chórais bhainistíochta a áirithiú.

(c) Tabharfaidh an t-Údarás Inniúil fógra don Ghníomhaireacht maidir le hathruithe a dhéanann difear dá chumas a chúraimí a dhéanamh agus a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1139 agus sna gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.'.